



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2009–2010

Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

Ábhair agus á mBainistiú
Modúl 4

Bonnsraith

[GSC41]



DÉARDAOIN 25 FEABHRA 2010, MAIDIN

AM

45 nóniméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Tá Bileog Sonraí ar fáil le húsáid leis an pháipéar seo.

Marc Iomlán

- 1 (a) Is minic gur as plaisteach a dhéantar citil leictreacha.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Image of Kettle removed due to copyright issues.Image I

Is ábhar fóirsteanach é plaisteach le citil a dhéanamh. Luaign 3 fháth le cad chuige. Roghnaigh ó:

solúbtha : láidir : seoltóir : briosc

inslitheoir : furasta é a mhúnlú

1. _____
2. _____
3. _____ [3]

- (b) Is as cruach dhosmálta a dhéantar na heilimintí téimh i gcitil. Luaign dhá fháth le cad chuige.

Images of j gcwlpi 'elements removed due to copyright issues.

1. _____
2. _____ [2]

- (c) Is ábhar nádúrtha é línéadach a dhéantar as líon agus is ábhar de dhéantús an duine é níolón a dhéantar as ola. Taispeánann an pictiúr thíos éadach boird línéadaigh.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Image of linen tablecloth removed due to copyright issues.

- (i) Úsáidtear línéadach chomh maith le héadaí a dhéanamh. Ainmnigh ábhar nádúrtha eile is féidir a úsáid le héadaí a dhéanamh.

_____ [1]

- (ii) Cad chuige, dar leat, a n-úsáidtear ábhair de dhéantús an duine amhail níolón anois seachas ábhar traidisiúnta amhail línéadach? Luaigh dhá fháth.

1. _____

2. _____ [2]

- (d) Luaigh fadhb **amháin** a bhaineann le cuid mhór plaisteach de dhéantús an duine.

_____ [1]

- 2 (a) Rinne daltaí tástálacha lasrach ar chuíg chlóiríd miotail agus thaifead siad dath na lasracha sa tábla seo thíos. Comhlánaigh an tábla.


Roghnaigh ó:

búi : gorm : liathchorcra

Clóiríd miotail	Dath lasrach
Potaismam	
Cailciam	Donnrua
Soidiam	
Litiam	Corcardhearg
Luaidhe	Gorm-bán

[2]

- (b) Bhí comhlacht tinte ealaíne ag iarraidh tine ealaíne Roman Candle a dhéanamh sa dóigh go dtabharfadh sé lasair dhonnrua.



Ón tábla, luaigh clóiríd miotail a bheadh fóirsteanach.

_____ [1]

- (c) Tá sé tábhachtach go mbeadh an tslat tástáil lasrach glan. Ainmnigh leacht a úsáidtear sa phróiseas glantacháin.

Ciorcláigh an freagra ceart.

aigéad : uisce : alcaile

[1]

- (d) Tá na dúile, **copar**, **sulfar** agus **ocsain** sa chomhdhúil sulfait chopair agus tugann sí lasair għlas i dtástail lasrach. Cé acu dúil sa tsulfait chopair is cūis leis an lasair għlas?

_____ [1]

- (e) Luaiġ réamhchúram sábhálteachta **amháin** atá főirsteanach agus tástalacha lasrach ar bun.

_____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

3 Uisce crua agus uisce bog is ábhar don cheist seo.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

(a) Roghnaigh focail ón liosta leis na habairtí anseo thíos a chomhlánú.

salann : sobal : clóiríd mhaignéisiam : gallúnach

aolchuisní : aolchoinnle : carbónait chailciam

Tá uisce crua mura ndéanann sé _____ le tuaslagán

_____.

I limistéir uisce chrua foirmíonn _____ ar an díon in uaimheanna.

Foirmíonn sil-leagain de _____ i gcitil i limistéir uisce chrua. [4]

(b) Sa tábla thíos, ticeáil na ráitis a léiríonn na **buntáistí** a bhaineann le huisce crua. Tá ceann amháin acu déanta.

Ráiteas	Cuir tic
Maith do na fiacla agus cnámha	✓
Tá an blas go deas	
Cuireann smál ar éadaí	
Maith le beoir a dhéanamh	
Cuireann fionnadh ar chiteal	

[2]

(c) Is féidir uisce crua sealadach a dhéanamh bog trína fhiuchadh.Luaigh **dhá** dhóigh fhóirsteanacha eile le huisce crua sealadach a dhéanamh bog.

Ciorclaign do fhreagraí.

scagadh : driogadh : crómatografaíocht :

galú : malartú ian


[2]

- 4 D'fhiosraigh grúpa daltaí an méid d'ábhar pacáistíochta a athchúrsálann cúig ollmhargadh (A, B, C, D agus E). Taispeánann an tábla a gcuid torthaí.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Ollmhargadh	% d'ábhar pacáistíochta a athchúrsáltear
A	28
B	70
C	58
D	38
E	66

- (a) Ar an eangach thíos, tarraing **barrachairt** den fhaisnéis sa tábla.



- (b) Ríomh an difríocht chéatadánach idir an t-ollmhargadh a athchúrsálann an méid is mó agus an t-ollmhargadh a athchúrsálann an méid is lú. Taispeán na ríomhaireachtaí.

Difríocht chéatadánach _____ %

[2]

- (c) Ainmnigh ábhar pacáistithe **amháin** a úsáidtear in ollmhargaí de ghnáth.

_____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (d) Caithfidh ollmhargaí níos mó d'ábhar pacáistithe a athchúrsáil. Luaign dhá fháth le cad chuige.

1. _____

2. _____

_____ [2]

- 5 Taispeánann an léaráid dhá dheoch alcólacha agus tá aonad amháin alcóil i ngach ceann acu.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



Leathphionta beorach
= 1 aonad



Gloine fíona
= 1 aonad

- (a) D'ól duine **dhá** leathphionta beorach agus **3** ghloine fíona. Ríomh an líon aonad d'alcól a d'ól sé agus an méadú ar an alcól ina fhuil dá bharr má tá 1 aonad alcóil = 20 mg alcóil in aghaidh 100 cm³ fola.

_____ aonad

_____ mg alcóil in aghaidh 100 cm³ fola [2]

- (b) Tá leibhéal alcóil 160 mg in aghaidh 100 cm³ fola i bhfuil fir. Ríomh an leibhéal alcóil ina fhuil i ndiaidh dhá uair an chloig má bhaineann a chorp aon aonad amháin alcóil ar shiúl gach uair an chloig.

(i) _____ mg alcóil in aghaidh 100 cm³ fola. [1]

- (ii) Is é 80 mg alcóil in aghaidh 100 cm³ fola an teorainn dhlíthiúil le bheith ag tiomáint. Bheadh sé contúirteach don fhear seo bheith ag tiomáint dá bhfanfad sé dhá uair an chloig, fiú. Mínigh ina ionmláine cad chuige.

[2]

- 6 (a)** I bhfiosrúchán lena fháil amach cá mhéad fuinnimh a bhí á scoileadh, dhóigh mic léinn an méid céanna de cheithre bhreosla hidreacarbón agus fuair siad na torthaí seo a leanas.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Breosla hidreacarbón	Foirmle	Fuinneamh a scoileadh/kJ
Meatán	CH_4	890
Eatán	C_2H_6	1560
Própan	C_3H_8	2220
Bútán	C_4H_{10}	2880

- (i)** Cad é a rinne na mic léinn san fhiosrúchán lena chinntiú gur triail chothrom a bheadh ann?

_____ [1]

- (ii)** An fhaisnéis thus in úsáid agat, luaigh treocht amháin, a thaispéanann na torthaí, a bhí ann nuair a dhóigh na mic léinn na breosláí.

_____ [1]

- (iii)** An fhaisnéis sa tábla in úsáid agat, luaigh luach don fhuinneamh a tháirgfi nuair a dhóitear peantán, C_5H_{12} . Ciorclaign do fhreagra.

2900 kJ : 5100 kJ : 2400 kJ : 3510 kJ [1]

- (b)** Is móilín orgánach é eatánól, $\text{C}_2\text{H}_5\text{OH}$, is féidir a úsáid mar bhreosla chomh maith.

- (i)** Cá mhéad dúil dhifriúil atá in eatánól?

_____ [1]

- (ii)** Ní hidreacarbón é eatánól. Mínigh ina ionláine cad chuige.

_____ [2]

- (iii)** Comhlánaigh an chothromóid focal lena thaispeáint cad é a tharlaíonn nuair a dhóitear eatán i bhfarasbarr ocsaigine.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

eatán + ocsaigin → _____ + _____ [2]

- (c) (i)** Ainmnigh an móilín hidreacarbóin a úsáidtear le polaitéin a dhéanamh.

_____ [1]

- (ii)** Luaigh fadhb **amháin** don timpeallacht mar gheall ar pholaitéin.

_____ [1]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.